C/2026/4673

2.9.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12356 — SBB / HELSANA GROUP / HMS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4673)

1. An 25 Lúnasa 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Helsana Beteiligungen AG ('Helsana', an Eilvéis), faoi rialú Helsana AG (an Eilvéis),

— Schweizerische Bundesbahnen SBB ('SBB', an Eilvéis), faoi rialú Chónaidhm na hEilvéise,

— Health & Medical Service AG ('HMS', an Eilvéis), faoi rialú Helsana faoi láthair.

Gheobhaidh Helsana agus SBB rialú comhpháirteach ar HMS de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Helsana: cuideachta infheistíochta de chuid Helsana Group, atá gníomhach sna hearnálacha árachais sláinte bhunúsaigh (KVG), árachais sláinte fhorlíontaigh (VVG) agus árachais tionóisce. Is é Helsana AG máthairchuideachta (sealbhaíochta) Helsana Group. Tá gníomhaíochtaí Helsana Group comhchruinnithe go geografach san Eilvéis.,

— SBB: seirbhísí iompair phoiblí (iompar paisinéirí fadraoin, iompar réigiúnach paisinéirí, iompar lasta), soláthar bonneagair iarnróid agus gníomhaíochtaí réadmhaoine. Tá gníomhaíochtaí SBB comhchruinnithe go geografach san Eilvéis. Ina theannta sin, tá SBB gníomhach in iompar idirnáisiúnta paisinéirí agus oibríonn sé, trína ghníomhaíochtaí iompair lasta, ar na Conairí Iompair Eorpacha, go háirithe Thuaidh-Theas.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó HMS: seirbhísí leighis iompair, ceirde, comhlachta agus árachais, seirbhísí tacaíochta bainistíochta sláinte agus bainistithe cásanna agus réitigh bogearraí le haghaidh cúram sláinte, san Eilvéis amháin.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, agus gan dochar dá chinneadh críochnaitheach maidir leis sin, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12356 — SBB / HELSANA GROUP / HMS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost.

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË